

Nuacht Feirste



Lunasa 29ú

Uimhir 31

Táille 10p



Gaelcabhair don Afraic

RITH cúig mhíle duine tríd Iarthar Bhéal Feirste Dé Domhnaigh seo caite ar rása urraithe le airgead a thógáil do Trocaire.

Gaelcabhair don Afraic, fo-choiste de Chumann Luthchleas Gael, a bhí taobh thiar den rith a thóg corradh le £30,000 do scéimeanna 'bia agus uisce' atá ag Trócaire i dtíorthí san Afraic.

Tá beartaithe ag Cumann Luthch-

leas Gael i gContae Aontroma ocaid bhliantúil a dhéanamh den rása.

Chuir an Cairdeanál Ó Fiaich tús leis an rása ag Páirc Mhic Easmuinn agus agus i láthair fosta bhí uachtarán Chumann Luthchleas Gael, an Dr Mick Loftus.

Mulholland don slógadh?

TA TUGTHA le fios ag an Doctúir Joe Mulholland, stiúrthóir na gcláir ar RTE, go bhfuil seans ann go mbeidh sé i láthair ag Slógadh Shinn Féin, i Rath Cairn ar 19ú agus 20ú lá Meán Fomhair.

Ag caint le hionadaithe Shinn Féin ag Scoil Phádraig Mhic Goill (scoil a raibh Mulholland mar stiúrthóir uirthi) ag deireadh na seachtaine seo caite, dhearbhaigh sé go raibh cuireadh faighte aige ó Shinn Féin le freastail ar an slógadh. Thug Roinn an Chultúir cuireadh dó le

bheith i láthair le go mineodh sé cad fáth a riabh bac ar Shinn Féinithe ag Scoil Phádraig Mhic Goill i mbliana D'ainneoin go raibh tódhchaí thuaisceart Éireann mar theama ag an scoil sna Gleanntaí, Tír Chonaill.

Shean Mulholland go mbeadh deacrachtaí aige óna húdaráis da dteadh sé chúig an slógadh.

"Níl m'intinn déanta suas agam go fóill cé acu glacfaidh nó nach nglacfaidh mé leis an chuireadh agus b'fhéidir go mbeinn ann", ar seisean.

Creidtear go raibh an-bhá ag Mulholland, a bhí tráth i mbun an chlár reatha *Today Tonight*, le Páirtí na n-Oibrithe. Deirtear anois afách gur mó an claonadh atá aige i dtreo Fine Gael nó na Progressive Democrats. Is cinnte go mbeadh raic ann in RTE agus ag leibhéal ard i rialtas na sé chontae fichead dá bhfreastlóidh sé ar an slógadh.

Táthar ag dúil le corradh le céad duine a bheith i láthair ag an slógadh i Rath Cairn agus beidh fáilte roimh dhaoine nach baill de Shinn Féin iad.

Gaelchabhair dona Gaeil!

CHRUTHAIGH an tinreamh iontach a bhí ar an rith urraithe do Trócaire in Iarthar Bhéal Feirste, Dé Domnaigh go bhfuil náisiúntóirí na cathrach sásta cuidiú a thabhairt do scéimeanna carthanachta don triú domhain. Treise leo agus go raibh rith na bliana seo chugainn níos mó arís!

Ach cad é fá rith urraithe dona Gaeil? I dtír na mBascach bíonn rása mór, an Korika, acu gach bliain. Rith-eann na ceadaí míle ar a laghad cuid den rith a théann ó thaobh amháin d'Euskadi go dtí an taobh eile.

Bíonn reathaithe proifisiúnta bain-tach leis an Korika ach ócáid don

phobal atá ann. Nuair a thig na reathaithe a fhad le baile mór bíonn na sluaite ansin, idir óg agus aosta, le castáil orthu agus leis an kilometre deireannach isteach chun an bhaile mhóir a rith. Is beag file, polaiteoir, scríbhneoir, amhránaí nó duine mór le rá nach nglacann páirt sa Korika. Bíonn fiú pinsinéirí ag rith.

KORIKA

Agus ní rith ar son aclaíochta atá sa Korika ach rása urraithe a eagraíonn an príomheagras cultúrtha i dtír na mBascach, AEK, ar son na teanga Bascaise. Gach duine a ghlacann páirt sa Korika tá sé ag taispeáint a thacaíochta do theanga na mBascach.

Arbh fhéidir leithéid an Korika a eagrú in Éirinn. Rith urraithe b'fhéidir ó thaobh amháin dena sé chontae go dtí an taobh eile nó ó chosta Thír Chonaill go Béal Feirste? Mór-ócáid poiblíochta don tsreachtair ar son cearta teanga a bheadh ann agus seans ag an phobal náisiúnach a mbá leis na Gaeilge a léiriú.

Nó ar cóir dúinn a bheith ag smaoin-eamh ar rith na saoirse, rith urraithe tríd Bhéal Feirste Thiar ar an 19ú Lúnasa leis an éileamh ar son saoirse féinrialaithe a chur os comhair an domhain?

An bhfuil Gaeilgeoirí ar bith in ár measc a bhread abálta a leithéid de rása a reachtáil?

MÁLA POIST

A chara,

Ní féidir liom a rá go raibh brón orm gur chaill Mag Uiginn a chrios i Las Vegas ar na mallaigh. Bhí mo shaith agam de thuairisceoirí agus de Pholaiteoirí ag scaipeadh bolscaireachta fán fhear bheag ó Chluain Eois a bhí ag tabhairt daoine le chéile i dtuaisceart Éireann, Seafóig a bhí ann ar ndóigh — is beag nach raibh sé in ann aontú lena bhainisteoir féin gan a bheith ag caint ar phobail a aontú.

Is domlálaí proifisiúnta é Mag Uiginn

agus bíonn aghaidh phoiblí ar dornálaithe proifisiúnta. Chanadh líní *Irish Eyes*, labhradh Ali go tarcisniúil roimh na chuid troideanna, agus dúirt Barry gurbh fear síochána é. Ní sé riachtanach go gceidimis na rudaí a deireann dornálaithe, go mórmhór nuair atá siad ag sa líne bolscaireachta síos ár scórnaigh. Is fearr an líne a thuigbheáil mar atá sé — píosa poiblíochta chun suim an phobail a tharraingt i dtreo is go gceannóidh an pobal ticéidí don chéad troid eile. Ba inneall bolscaireachta é Mag Uiginn.

Nuair a thit Mag Uiginn ar a thóin (nó nuair a thit an tóin as inneall Mhag Uiginn) ar an lé céanna is a dúndadh an tionól ag Stormont. Is deacair glacadh leis an duradan gur chreid sé an méid a dúirt sé, go gcuirfeadh sé an oiread sin béime ar an dornálaí, ach is é sin an ruda dúirt sé. Polaiteoir, mar dhea.

Idir Barry agus an fhoireann peile agus Stormont bhí a ndóchas imithe. Tá an cluiche reconciliáin ar fionraí go bhfaighfí na dílseoirí laoch nua 'a chuirfeas an 'cúige' ar an learscáil. Tá súil agam nach gceaptar athair an dornálaí ní thiocfadh liom a leagan de Danny Boy a fhuilstín arís.

Fear Faire,
Na Blocanna-H,
An Cheis Fhada.

Thatcher molta

THUG AIRE i rialtas Bhaile Átha Cliath, Gemme Hussey, ard-mholadh do phríomh-aire na Breataine Margaret Thatcher agus í ag caint ag Scoil Phádraig Mhic Ghoill sna Gleanntaí, Dé Sathairn, 23ú Lúnasa.


Ach bhí léar mór d'ionadaithe Shinn Féin i láthair ag an ócáid le freagra a thabhairt ar chaint an aire agus le dúshlán rialtas Bhaile Átha Cliath a thabhairt ar an iliomad ceisteanna.

Mhol Gemma Hussey "sheer guts" Thatcher agus dúirt go ndéanfadh staraithe Éireannach breithiúnas fábharrach uirthi.

Mhaigh an t-aire nach raibh Éire Aontaithe mar aidhm ag Comhaontú Hillsborough. "A mhalairt atá fíor" ar sise.

Ní raibh de dhíth ar rialtas na sé chontae fíchead ach, "deireadh le coimhthíos na náisiúntóir agus deireadh leis an sceimhlitheoireacht".

I seisiún ceisteanna agus freagraí i ndiaidh an óráid cháin Liam Mac Giolla Eanáil, comhairleoir de chuid Shinn Féin i gContae Dhún na nGall, an t-aire Hussey.



● LIAM MAC GIOLLA EANAÍ

Ar seisean:

"Tá raithe ag Hussey nach mbeidh deireadh le Óglaigh na hÉireann go dtí go mbíonn deireadh, leis 'an bhreiteacht pholaitiúil atá ar Éirinn' agus tá an ceart aici. Ach ní admhaíonn sí gurb í an bhreiteacht pholaitiúil atá ar tír seo ná go bhfuil cuid dár náisiún i seibh bithhiúnach agus go bhfuil cosc ar shaoirse féin-rialaithe. Nuair a fhágann rialtas na Breataine an tír seo ní bheidh gá le Óglaigh na hÉireann."

Dúirt sé chomh maith nach raibh tuigbheáil ar bith ag an aire don chruatan a fhulaingníonn náisiúntóirí ó thuaidh.

"Dá gcaithfeadh sí cúpla lá fú Thír Eoghain chifeadh sí an leatrom atá a imirt ar náisiúntóirí."

Labhair John McCloskey, ball de Shinn Féin i dTír Chonaill, a chaith 10 mbliana i bpriosuin Shasana, labhair sé ag an scoil fosta. D'fhiarfaigh sé den aire cad é mar dhéanfadh rialtais Londain agus Bhaile Átha Cliath comhréiteach leis an daichead faoin chéad de náisiúntóirí na sé chontae a thaobhann le Sinn Féin.

Coláiste Críochnaithe

CHRÍOCHNAIGH Coláiste Antoine Mhic Ghiolla Bhrighde, coláiste Ghaeilge do dhaoine fásta i nGort a Chioirce, Tír Conaill, Dé Luain, 25ú Lúnasa.

Ghlac deichniúr scoláire páirt sa choláiste dheich lá agus ina measc bhí daoine as Sasain, as Muineachan, as Iúr Chinn Trá agus as Béal Feirste.

Ba é Padraig Ó Maolchraoibhe a bhí mbun na coláiste agus dúirt sé gur bhain idir mhuinteoirí agus scoláirí sult agus tairbhe as an chúrsa.

Le linn an chúrsa thug na scoláirí cuairt ar oileán Thoraigh gur thán siad thar oíche sa bhrú óige ar an oileán.

Chaith siad na hoícheanta fá thithe siamsaíochta Rann na Feirste agus bhí ranganna foirmeálta ann le linn an lae.

Arsa Padraig:

"Seo an chéad uair a reachtáil muid coláiste de dhaoine fásta agus chonacthas dom gur mic léinn uilig dul chun cinn suntasach in achar."

Bhí cúrsa Gaeilge do dhéagóirí ag Teach Cholm Cille, Gort a' Chioirce i mí Iúil.



Ag foghlaim na Gaeilge

Cad é a dhíolann siopa grosera? Díolann an grósair earraí.

Cad é dhíolann siopa búistéara? Díolann an búistéir feoil, caoir-eoil, mairteoil, muiceoil, bagún, liamhás, gríscíní, agus ispiní.

Cad é a dhíolann siopa ceimiceora (siopa poitigéara)?

Díolann an ceimiceoir (an poitigéir) drugaí agus leigheas, bindealáin, ungadh, piollaí agus greimlíni.

Cad é a dhíolann siopa glasraí? Díoltar glasraí úra anseo — prátaí, trátaí, tornapaí, meacain dearga, meacain bhána, cabáistí agus leitísí.

Cad é a dhíolann siopa éadaigh? Ceannaíonn tú cótaí, brístí, léinte, gúnaí, cultacha éadaigh srl, anseo.

Cad é a dhíolann siopa nuachtán?

Díoltar nuachtáin, irisí, páipéir ghrinn, páipéar litreach agus clúdaigh litreach anseo.

Cad é a dhíolann siopa crua-earraí? Díolann an siopa seo, péint agus páipéar, uirlisí don teach, scuaba, sáspáin agus friochtáin agus innelra coitianta.

Cad é a dhíolann teach tábhairne.

Sa teach tábhairne, díoltar, deochanna meisciúla agus mianraí, beoir, leann dubh, leann, uisce beatha, branda, fíon, líomanáid, agus sú oráiste.

Cad é a dhíolann ollmhargadh? Díolann an áit seo, earraí de gach uile shaghas. Téann tú féin thart timpeall na háite agus piocann tú do rogha. Iocann tú as gach rud ag deasc ar do bhealach amach.

Má bhíonn stampaí de dhíth ort, cá dtéann tú? Téann tú go dtí Oifig an Phoist.

Má bhíonn galún peitрил de dhíth ort, cá dtéann tú? Téann tú go dtí garáiste.

Má bhíonn uaireadóir nua do dhíth ort, cá dtéann tú? Téann tú go dtí siopa seodóra.

Cad é an freastal a dhéanann Oifig an Phoist ar an phobal? Seolann siad litreacha agus bearta chun bealaigh dúinn.

Thig leat airgead a chur i dtaisce ansin fosta agus is féidir leat sreangscéal a chur ó oifig ar bith, nó ar an ghuthán fiú.

Cé dhéanann an siopadóireacht i do theach? De ghnáth, déanann bean a' t'fear a' tí é.

Ó ham go ham cuidíonn na daoine eile léi/leis.

Téann si/sé isteach go lár na cathrach uair amháin sa tseachtain agus faigheann si/sé gach rud ansin. Is féidir léi/leis siopadóireacht a dhéanamh in Ollmhargadh Stiobhairt. Tá ollstór i ngach baile mór anois.

Ainmnigh cúpla ceann de na bainc atá sa cheantar seo.


Tá Banc na hEireann, Banc Uladh, Banc-Aontas Eireann agus Banc an Tuaiscirt againn anseo.

Ar fud na tíre, tá brainsí agus fo-oifigí acu.

Is féidir leat airgead a chur i dtaisce i gceann ar bith acu agus cuntas taisce nó cuntas reatha a bheith agat.

Gheobhaidh tú airgead ar iasacht uathu ach caithfidh tú ús ard a íoc as sin.

Cumann Rodaí Mhic Chorlaí



Déardaoín

Oíche Cheoil ar son Belfast

Exposed

Dé hAoine

Oíche cheoil ar son Roinn an Chultúir

Gaeilge ar UTV beartaithe?

TÁ IARRACHT déanta ag uachtarán Shinn Féin, Gearóid Mac Adhaimh, tabhairt ar UTV tús a chur le clár Ghaeilge.

Agus i litir a sheol sé chuig feirsire Iarthar Bhéal Feirste dúirt ceannasaí na gcláir, Brian Waddell, go ndéanfaí machnamh iomlán, curamach ar mholtaí ó Shinn Féin dó i dtaobh craoladh Gaeilge ar UTV.

I measc na moltaí a chuir Sinn Féin chun tosaigh bhí:

- Cartúin i nGaeilge.
- Clár ar nós *romper room* do pháistí óga atá á dtógáil le Gaeilge.
- Iris-chlár do Ghaeilgeoirí.
- Clár fáinsneise i mBéarla ag cur síos ar athbheochan na Gaeilge agus go háirithe ar an cheangal atá idir protástúnáigh Uladh agus an Ghaeilge.

An fírinne searbh

LE DEASUN BREATHNACH

MAR A dúras cheana, faoi chaibidil againn atá Dónall Ó Corcora, an té is mó, b'fhéidir a chuaigh i bhfeidhm ar scríbhneoirí móra an tSaorstáit, Seán Ó Faoláin agus Liam Ó Flaithearta agus Frank O'Connor, triúr a raibh páirt acu tráth sa chogadh ar son na saoirse.

Mar a dúras, bhí stát nua bunaithe, stát Éireannach, agus b'amhlaidh a thosaigh a lán lán daoine ag ceapadh nach raibh Conadh na Gaeilge ag teastáil a thuilleadh, go ndéanfadh an stát nua gach rud a bhíodh á dhéanamh ag an gConradh.

Tháinig eagrais nua in áit eagrais an Chonartha. Ghlac rannai stáit cuid des na dualgaisí a bhíodh ag an gConradh chucu féin nuair a ceapadh "that the League could no longer carry the whole burden of the difficult task of de-Anglicising Ireland." Agus an toradh?

"... there certainly did result a certain disintegration of the homogeneity that was till then in the ranks of Irish Ireland. The clear definition of what an Irish Irlander might do, and might not, became blurred."

Sin an fhírinne ghlan, an fhírinne shearbh. Agus de réir mar a d'fhás an Saorstát, agus mar a tháinig glúin eile, agus glúin eile fós, isteach inár measc, tháinig *blur* agus *blur* eile agus pictiúr a bhí an-blurred go deo.

"Those who know and care... do not require to be informed that those Gaelic Leaguers who through stress of work in their new offices, or through fresh interests in the new worlds they had entered, fell away from the Gaelic League, did not fall away from helping the language."

Sin a deir Ó Corcora in *What's This about the Gaelic League*.

Fíor. Ach mar a thaispeáin Máirtín Ó Cadhain ina chuid paimléidí féin b'amhlaidh a chuir cuid de na daoine sin an páirtí roimh an nGaeilge. Bhí daoine mór le rá i ngluaiseacht na teanga, táid inti i gcónaí, sa Chonradh féin, fiú nár thóg clann le Gaeilge nár iarr riamh caipéisí Gaeilge ón stát nár dhiúltaigh Béarla a labhairt le giollaí stát, an Brainse Rúnda (an craobhín slibhín), san áir-eamh; agus nach raibh sásta smachtbhannaí a chur ar RTE faoi easpa Gaeilge ná eile...

"What we may call the material economy of the Gael was destroyed in the eighteenth



• DONALL O CORCORA

century; the last vestige of his cultural economy in the nineteenth," a deir O Corcora "Not alone was little of anything left him after the Famine, but he stood weakling and defenceless before infection."

In *The Fortunes of the Irish Language* agus in *Hidden Ireland* leis an údar céanna tá cur síos aige ar na cúrsaí móra atá mar chulra na bhfocal sin i mBéarla agus is fiú go mór an dá leabhar a léamh agus a athléamh mar is beag atá la cloisteáil fúthu sna scoileanna inniu.

Nach dtugtar "fanatic" agus "crank" ar Ó Corcora sna scoileanna is faiseanta, anois? Bí ag caint faoi "blurred."

CUMANN NA MEIRLEACH

Bóthar Bhaile Andarsan

OÍCHE CHEOIL

GACH AOINE

Fáilte romhaibh uilig



Crosfhocal 24

Trasna

7. Deaslámhach (7)
8. A mhalairt ó chearr (5)
9. Mar a fuair losa bás (5)
10. Ag seilg éisc (7)
11. Saor, gan táille (2,5)
13. Rud a dúradh (5)
15. Rud a ..., teas a chur leis (5)
17. Córas taistil simplí (7)
20. Imeaglach (7)
21. Abair arís (5)
22. Imithe mar bia, ite (5)
23. Bia áirithe Albanach (7)

Síos


1. Fásadh gasta bláthanna (8)
2. Mar nuachtán a foilsíodh inné (2,4)
3. Aistir (6)
4. Rogaireacht (13)
5. Scairteadh, screadail (8)
6. Tugtar seo ar gluaisteáin atá ar bóthar (6)
12. Cáiliúl, duradh faoi i dtuairiscí (8)
16. Ainm buachaill, fuaimíonn sé mar abhann (6)
18. Laghdaigh (6)
19. Milleadh (6)

Freagairí Crosfhocal 23:

Trasna; 4. Ollamh; 7. Dealbhas; 8. Táille; 9. Cleití; 10. Roinneas; 14. Anama; 17. Ait; 18. Thimpeall; 20. Ach; 22. Seoda; 24. Slandáil; 28. Oibriú; 29. Aitinn; 30. Adhmaint; 31. Siléar.

Scoltar freagraí chuig;
An tEagarthóir,
Nuacht Feirste,
147 Bóthar Andarsan,
Béal Feirste 11.

£5 do buaiteoir



Síos; 1. Béilín; 2. Cláíomh; 3. Thoir; 4. Ostáí; 5. Laíonn; 6. Moltaí; 11. Neas; 13. Ealó; 14. Aras; 15. Atha; 16. Aird; 19. Leabhar; 21. Claidí; 23. Dúinne; 25. Neide; 26. Aonar; 27. Locht.